# Polasaí Oideachais Caidrimh & Gnéis

## 1.1 Scóip

Baineann an polasaí seo le daltaí Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin, a dtuismitheoirí/gcaomhnóir agus múinteoirí na scoile.

## 1.2 Réasúnaíocht

Aithníonn an polasaí seo tábhacht Oideachas Caidrimh agus Gnéis (OCG) do gach scoláire. Tá na dúshláin laethúla os comhair déagóirí maidir le caidreamh a fhorbairt agus a thuiscint ag méadú. Tacaíonn an scoil le páistí chun forbairt a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar na caidrimh éagsúla a bhíonn ag daoine. Tá OCG ar fáil do dhaltaí uile na scoile chun tacú leo chun barr a gcumas a bhaint amach i suíomh sábháilte, cairdiúil agus tíriúil. Suíomh ina bhfuil meas, cothromaíocht agus ionracas lárnach i ngach uile tuise de shaol na scoile.

## 1.3 Nascanna le hÉiteas na Scoile

Tugtar tacaíocht do gach dalta i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin chun barr a gcumas a bhaint amach. Aithníonn an scoil tábhacht OCG ar son forbairt iomlánaíoch na bpáistí. Déantar gach iarracht chun tacú le daltaí maidir le OCG. Tuigimid go bhfuil na páistí faoinár gcúram le linn tréimhse mhothálach dá saoil fad is a fhásann siad go fisiciúil agus fad is a fhorbraíonn a bhféiniúlacht féin. Tá tacaíocht riachtanach do dhaltaí i rith na tréimhse seo agus tá OCG ar fáil chun tacú leo.

## 1.4 Comhthéacs

Forbraíodh an Polasaí seo agus ba cheart é a léamh le príomhphrionsabail na scoile ar aigne agus i gcomhnasc le Dréacht-Pholasaí Folláine agus le Polasaí Tréadchúram Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

## 1.5 Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna na bpolasaithe seo ná:

**a)** Tacú le gach páiste lena bhforbairt de thuiscint soiléir ar chaidreamh.

**b)** OCG atá aoisoiriúnach a sholáthar do dhaltaí.

**c)** Tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir le OCG na scoile.
**d)** Deimhin a dhéanamh de go bhfuil daltaí rannpháirteach i ranganna OCG.
**e)** Tacú le daltaí a bheith gníomhach i ranganna OCG.
**f)** Cabhrú le daltaí a bheith ina ndaoine fásta freagracha le tuiscint mhaith ar chaidreamh agus gnéasacht.
**g)** Daltaí a chumasú le bheith tuisceannach ar ghnéasacht daltaí eile.
**h)** Daltaí a chumasú le bheith tuisceannach ar chonas a fheidhmíonn caidreamh.
**i)** Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí le pleanáil ghearr-théarmach agus fhadtéarmach i dtaobh na folláine agus OCG.
**j)** Riachtanais na scoile maidir le hOCG a chomhlánú.

## 2. Cómhthéacs an Pholasaí

### 2.1 Sainmhíniú ar OCG

Is é sainmhíniú na hEagraíochta Sláinte Domhanda ar shláinte ghnéis ná a bheith sláintiúil go fisiciúil, go meabhrach agus go sóisialta ó thaobh na gnéasachta de. Tá cur chuige dearfach agus omósach de dhíth ó thaobh na gnéasachta agus an chaidrimh ghnéis de, chomh maith leis an bhféidearacht ar eispéiris ghnéisiúil taitneamhach agus sábháilte, saor ó chomhéigean, idirdhealú nó foréigean.
Is próiséas é an tOideachas Caidrimh Gnéis a leanann ar fhad an saoil ina fhaightear eolas agus tuiscint ar fhorbairt dearcthaí, creidimh agus luachanna maidir le féiniúlacht gnéis, caidrimh agus dlúthchaidrimh. Déanann tuismitheoirí, múinteoirí, comhpháirtithe, na meáin agus daoine fásta a bhfuil tionchar acu ar shaol an duine óig eile teagasc comhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach ar na cúrsaí seo.

### 2.2 Oideachas maidir le hOCG

I scoileanna, múintear cúrsaí OCG go príomha trí OSPS/Folláine ach clúdófar é chomh maith in ábhair eile ar nós Bitheolaíochta, Eacnamaíochta Bhaile, Creidimh, Treorach, Eolaíochta agus OSSP.

Tá dualgas ar scoileanna OCG a mhúineadh mar ghné lárnach d'OSPS/Fholláine na Sraithe Sóisearaí chomh fada leis an tríú bliain, mar a léirítear i gCreat OSPS na Sraithe Sóisearaí, a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM, 2000). Tá dualgas ar scoileanna chomh maith teagasc OCG a sholáthar do dhaltaí na hIdirbhliana. Agus tá dualgas ar scoileanna OCG a sholáthar do dhaltaí na Sraithe Sinsearaí, fiú muna bhfuil ranganna OSPS ar an tráthchlár.

Is iad tuismitheoirí na príomhtheagascóirí sa chlann agus dá bhrí sin tá ról lárnach acu ag tacú le polasaí OCG na scoile. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas maidir le feidhmiú an Chláir OCG laistigh den Ghaelcholáiste agus beidh teacht acu ar pholasaithe OCG. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí a bpáistí a bhaint amach ó ghníomhaíochtaí OCG ag aon am, agus is gá

iarratas ar tharraingt siar a dhéanamh tríd an bpríomhoide agus an comhordaitheoir OSPS (de réir Roinn 30 (e) d'Acht an Oideachais 1998). Sa chás seo, síneofar amach as an scoil fad is atá an rang OCG ar siúl.

I dtaobh OCG, is í feidhm an Ghaelcholáiste ná oideachas ginearálta a sholáthrú maidir le hábhair an ghnéis agus an chaidrimh. Ní sholáthraítear tacaíocht aonair nó sainiúil. Ach, áit ina bhfuil sé oiriúnach, is féidir daltaí a atreorú má tá tacaíocht riachtanach. Má thugann an scoil comhairle, beidh sin oiriúnach don aoisghrúpa agus neamhthreorach.

**2.3 Aidhmeanna agus Cuspóirí an Chláir OCG**

a) Cabhair a thabhairt do dhaoine óga tuiscint a fháil ar chaidreamh agus iad a fhorbairt;
b) Tuiscint ar ghnéasacht a fhorbairt;
c) Dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le gnéasacht duine agus maidir lena chaidrimh le daoine eile;
d) Eolas agus meas ar atáirgeadh a chur chun cinn;
e) Daoine óga a chumasú chun a ndearcaí agus a luachanna a fhorbairt i dtaobh a ngéasachta i gcreat morálta, spioradálta agus sóisialta;
f) An tuiscint agus na scileanna a fhorbairt a chabhróidh le cairdeas agus caidreamh rathúil a chothú;
g) Mothú dearfach a chothú i dtaobh féin-fheasachta agus scileanna a fhorbairt a chothóidh féin-mhuinín;
h) Feasacht a fháil ar an slí go n-athraíonn daoine agus iad ina ndéagóirí agus meas ar dhifríochtaí idir dhaoine a fhorbairt;
i) Tuiscint chruinn a bheith ag daltaí ar fhiseolaíocht le béim ar an gcóras atáirgthe, torthúlachta agus galair ghnéas-tarchurtha;
j) Tuiscint a bheith ag an dalta ar fhorbairt ghnéasachta agus féiniúlachta agus foghlama agus taighde a dhéanamh faoi na róil ghnéis, steiritéipeoil, inscne agus tionchair chultúrtha ar ghnéasachta;
k) Luach a bheith ag daltaí ar saol na clainne agus na dualgaisí a bhaineann le tuismitheoireacht;
l) Straitéisí a fhorbairt i leith chinní agus ghníomhaíochtaí de réir ionracas morálta pearsanta agus meas a bheith ar chearta agus ar dhínit daoine eile;
m) Scileanna a fhorbairt a neartóidh an duine i dtaobh piar-bhrú, coimhlinte agus bagairt ar shábháilteacht phearsanta.

**2.4 Teacht daltaí ar eolas maidir le caidreamh agus gnéasacht i gcásanna ina bhfuil baol**

a) Laistigh den Gaelcholáiste cuirimid éagsúlacht chun cinn agus tacaíocht leis. Dá bhrí sin, tarlóidh sé go bpléifí topaicí le linn an chláir OCG a bhaineann le héagsúlacht m.sh. gnéaschlaonadh, féiniúlacht ghnéis, frithghiniúint. Trí na nithe seo a chíoradh, is féidir aghaidh a thabhairt ar thuairimí bréagacha, dochar agus toimhdiú. Beidh plé a déantar in oiriúint don aois agus pléifear é go hoscailte, le súil ar an dá thaobh den scéal.

b) Ní gá d'aon mhúinteoir atá ag obair san ábhar seo a bheith ina 'saineolaí' ar na gnéithe seo. Ach, is gá dóibh a bheith mothálach i leith riachtanais an ghrúpa os a gcomhair amach agus a bheith in ann glacadh le ceisteanna go hoscailte agus go macánta. Baineann na scileanna múinteoireachta ginearálta le hOCG chomh maith. Dá bhrí sin, tacóidh an scoil leo freastal ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach san ábhar chomh maith.

c) I gcásanna ar leith, clúdaítear topaicí áraithe i dtaobh caidrimh agus gnéasachta, agus d'fhéadfadh daltaí ceist a chur ar mhúinteoir maidir le gnéasacht. Tá an dualgas ar an múinteoir sa chás sin an cheist a fhreagairt de réir chroíphrionsabail na scoile. I gcónaí, caithfí luachanna na scoile a chaomhnú ar son baill ár bpobail.

d) Nuair atá múinteoir ag ullmhú ábhair le plé i rang, smaoineoidh an múinteoir ar aois agus aibíocht na ndaltaí, breathnóidh an múinteoir ar threoirlínte an Churaclaim OCG agus polasaí OCG na scoile. Laistigh de churaclaim na heolaíochta, déanfar plé ar ghnéithe bitheolaíochta den atáirgeadh.

e) I gcásanna ar leith, is féidir le múinteoir a rá nach bhfuil ceist oiriúnach le plé ag an am. Má tá amhras ar mhúinteoir maidir le hábhar a éiríonn as rang, ba cheart dóibh comhairle a fháil ón bPríomhoide/gComhordaitheoir OSPS/Treoirchomhairleoir.

f) Is é polasaí na scoile ná go gcaithfí an Teagmhálaí Ainmnithe a chur ar an eolas maidir le haon chúis imní i dtaobh mí-úsáid á baint as dalta nó iad a bheith ag sárú an dlí. Déanfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe agus an múinteoir cinneadh ar ghníomh oiriúnach, de réir Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017.

g) Ní féidir caidreamh faoi rúin a chinntiú i ngach cás do dhaltaí agus dá bhrí sin ní ceart d'aon duine sa scoil caidreamh faoi rúin iomlán a gheallúint. Tá sé riachtanach daltaí a chur ar an eolas go gcuirfear aon chomhrá nó eachtra in iúl don Phríomhoide agus do thuismitheoirí nuair is gá, má tá an cuma ar an scéal go bhfuil an dalta i mbaol agus go ndéanfadh sé maitheas do leas an dalta.

h) Is gá do mhúinteoirí é a chur in iúl go soiléir do dhaltaí nuair nach féidir ábhar chomhrá a choimeád faoi rún agus ansin is féidir le dalta cinneadh dhéanamh leanúint leis an gcomhrá nó é a stopadh.

**2.5 Cainteoirí agus Ceardlanna Seachtracha**

a) Cuireann cuairteoirí chun na scoile go mór leis an gclár OCG nuair a bhaintear leas astu chomh maith, ní seachas, an clár OCG pleanáilte. Cuirfear cuairteoirí ar an eolas maidir leis an bpolasaí OCG agus éiteas na scoile mar beidh tionchar acu san ar an gcur chuige. Déanfar Grinnfiosrúchán Gárdaí ar gach aoi-chainteoir le BOO Chorcaí.

b) Pléifí oiriúnacht aon chuairteora i gcónaí trí bhreathnú ar na nithe seo a leanas:

1. Ábhar an chláir agus léirbhrí an ábhair i dtaobh an bhliainghrúpa;
2. Conas go n-ullmhóidh na cuairteoirí agus conas go n-ullmhófar iad;
3. An t-eolas a bheidh uaidh/uaithi;

4. Conas go gcuirfear an ghníomhaíocht ar siúl.

c) Beidh ball foirne in éineacht le cuairteoirí d'aon chaint nó ceardlann. Chuirfear tuismitheoirí ar an eolas roimh chainteanna nó ceardlanna agus lorgófaí cead tuismitheora nuair is gá. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí a bpáistí a tharraingt siar ó ghnéithe den chlár.

**2.6 Tréadchúram/Comhairleoireacht**

I dtaobh an chlár OCG, cuirfidh an scoil tacaíochtaí eile atá ar fáil chun cinn m.sh. Comhairleoirí. Oibreoidh gach páirtí le chéile chun oideachas sláinte níos fearr a chur chun cinn i measc daoine óga. Is féidir le daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí éileamh a dhéanamh ar na seirbhísí.

**2.7 Daltaí le Breis-Riachtanais**

D'fhéadfadh riachtanais bhreise a bheith ag daltaí le RSO i dtaobh dul i ngleic leis na mothúcháin a ghabhann le héirí níos sine. Oibreoidh múinteoirí leis an Roinn RSO nó an Cúntóir Riachtanas Speisialta. Sna "Treoirlínte do Mhúinteoirí de Dhaltaí le Míchumas Ginearálta Foghlama", foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, tá treoirlínte cuimsitheacha le fáil maidir le teagasc OSPS do dhaltaí le míchumas foghlama ginearálta éadrom sa bhunscoil agus iar-bhunscoil, agus do dhaltaí le míchumas ginearálta foghlama measartha, dian agus trom. Is féidir teacht ar na treoirlínte seo ar an suíomh www.ncca.ie. Is féidir liosta de dhaltaí le RSO a fháil ón bPríomhoide.

**2.8 Cásanna Eisceachtúla**

Má tá múinteoir ar an eolas go bhfuil dalta ag iompar clainne, nó má tá cúlra goilliúnach maidir le gnéas ag dalta nó ag muintir an dalta, cuirfidh siad an dalta ar an eolas roimh OCG a mhúineadh chun rogha a thabhairt don dalta maidir le páirt a ghlacadh. Sa chás nách bhfuil fonn ar thuismitheoir/caomhnóir go nglacadh a bpáiste páirt sa rang OCG, nó an dalta féin sa chás go bhfuil an  dalta atá os cionn 18 mbliana d'aois, ní mór dóibh é seo a chur i scríbhinn chuig oifig na scoile ag míniú a leithéad. Sa chás seo, síneofar amach as an scoil fad is atá an rang OCG ar siúl.

**2.9 Acmhainní Traenála don Fhoireann agus do Thuismitheoirí**

1. De bharr íogaireacht a bhaineann le nithe den OCG, moltar do scoileanna deiseanna maidir le traenáil tríd an SFGM in OCG agus OSPS a thapú (Ciorclán 0037/2010 ROS alt 3.4). Cuirfear an fhoireann ar an eolas maidir le traenáil agus laethanta inseirbhíse a bheidh ar fáil.
2. Ceannóidh an scoil acmhainní OCG oiriúnacha atá aitheanta ag an bpríomhoide agus ag eagraíochtaí náisiúnta mar acmhainní úsáideacha do theagasc OCG. Cuirfí eolas ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí ag cruinnithe tuismitheoirí agus nuair is gá, eagrófar cruinnithe eolais agus cainteanna le linn na bliana.

## 2.10 Acmhainní

Tá acmhainní teagaisc don OSPS ar fáil ar an suíomh idirlín www.sphe.ie. Cuirfear acmhainní ar fáil chomh maith do mhúinteoirí a fhreastlaíonn ar thraenáil.

I measc acmhainní eile tá:

a) Téacsleabhair OSPS;
b) Pacaí agus eolas ar fáil ón HSE, do scoileanna maidir le hOCG;
c) Clár tacaíochta OSPS;
d) Eagraíochtaí ar nós Pact, Accord, Response, Crisis Pregnancy Agency, the Sexual Health Centre;
e) An clinic, bhanaltra nó dochtúr áitiúil, na Gardaí Síochána;
f) Gnáthaimh maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
g) Na súiomhanna idirlín seo leanas;
   www.sphe.ie
   www.b4udecide.ie
   www.webwise.ie
   www.healthpromotion.ie
   www.yoursexualhealth.ie
   www.belong2.org

## 2.11 Athbhreithniú agus Measúnú

Dhéanfaí monatóireacht agus measúnú ar an gclár OCG ar bhonn rialta. Dhéanfaí é seo trí aiseolas ó dhaltaí, ón bhfoireann agus ó thuismitheoirí. Tá an dualgas ar an bPríomhoide agus ar an mBord Bainistíochta i dtaobh athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí. Chuirfí an polasaí i bhfeidhm de réir chreat pleanála Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

Dhéanfaí uasdhátú ar an bpolasaí seo i gcomhthéacs leasaithe a thagann ar reachtaíocht, forbairtí I gcláracha oideachais agus aiseolas ó mhúinteoirí, daltaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí.

Ghlac Bord Bainistíochta na scoile leis an bpolasaí seo ar an 5ú Bealtaine 2019.
Rinneadh athbhreithniú air ar an 11ú Feabhra 2025.
Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú air ar bhonn bliantúil nó nuair is gá.

Tá sé ar fáil do gheallsealbhóirí na scoile agus foilsítear é ar an suíomh.